

- Má thagann heipitíteas B ainsealach ort, abair le páirtí ar bith nua gnéis agus le duine ar bith atá tar éis teacht chun cónaí leat gur cheart dóibh tástáil agus vacsaín a fháil.
- Má tá tú ag súil le leanbh, ní mór go dtabharfar an vacsaín agus glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) don leanbh go gairid i ndiaidh breithe.
- Má thagann duine éigin i dteagmháil le do chuid fola, is féidir iad a chosaint má chuirtear cóireáil orthu gan mhoill. Ba cheart dóibh dul chuig an dochtúir nó chuig Rannóg Éigeandála agus é a chur in iúil ann go raibh siad i dteagmháil le heipitíteas B. Tabharfar instealladh glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) dóibh agus tosófar ar an gcúrsa vacsaín do heipitíteas B.
- Abair le do dhochtúir agus le d'fhiaclóir go bhfuil heipitíteas B ort.

Conas is féidir liom mo leanbh a chosaint ó heipitíteas B má táim torrach?

Má éiríonn tú torrach, tá do leanbh i mbaol heipitíteas B a fháil uait le linn breithe nó go gairid ina diaidh sin. Is féidir é sin a chosc.

- Ba cheart go bhfaighfidh do leanbh instealladh glóbailín imdhíonachta heipitíteas B (HBIG) agus a c(h)éad dáileog den vacsaín do heipitíteas B go gairid i ndiaidh breithe.
- Déan cinnte go gcríochnaíonn do leanbh an cúrsa vacsaíne do heipitíteas B ag an am ceart. Ba cheart go ndéanfaí tástáil fola ag deireadh an chúrsa vacsaíne do heipitíteas B chun a bheith cinnte go bhfuil do leanbh cosanta.

Ní féidir heipitíteas B a scaipeadh trí na modhanna seo a leanas:

- Sraoth a ligean nó casacht a dhéanamh
- Póga nó barróga a thabhairt nó a fháil
- Cothú cíche
- Bia nó uisce
- Miasa nó gloiní a chomhroinnt
- Gnáth-theagmháil idir dhaoine (e.g. san áit oibre)

Cuimhnigh:

Cuir comhairle ar do theagmhálaithe gur cóir dóibh an vacsaín a fháil.

Úsáid coiscín agus tú i mbun gnéis chun tú féin agus do pháirtí a chosaint.



Cén chaoi ar féidir liom a thuilleadh eolais a fháil?

Is féidir eolas úsáideach a fháil faoi heipitíteas B ó na foinsí seo a leanas:

- Do dhochtúir teaghlaigh
- An rannóg áitiúil sláinte phoiblí de chuid an FSS

Is féidir eolas agus bileoga eile faoi heipitíteas B a fháil ó na suímh Chréasáin seo a leanas

- www.hpsc.ie
- www.cdc.gov/hepatitis/hbv
- www.who.int
- www.immunisation.ie
- www.emitoolkit.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Dáta: April 2017

Údair: An Grúpa Oibre Heipitítis de chuid an Fhoghrúpa Míochaine Sláinte Poiblí um Ghalair Theagmhálacha Rannóga na Sláinte Poiblí agus an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Heipitíteas B

Eolas atá riachtanach duit má tá heipitíteas B ainsealach ort



Cad is heipitíteas B ann?

Is víreas é heipitíteas B a mbíonn drochéifeacht aige ar an ae, agus a d'fhéadfadh tú a dhéanamh breoite go tromchúiseach.

I ndiaidh ionfhabhtaithe, féadtar idir sé seachtaine agus sé mhí a bheith i gceist sula mbraitear airíonna. Tugtar géarheipitíteas B ar an gcéim seo den bhreiteacht.

Ní bhíonn airíonna ar bith ar roinnt daoine a mbíonn géarheipitíteas B orthu. Má tharlaíonn sé go mbíonn airíonna ort, seo cuid de na cinn coitianta: fiabhras, masmas, tuirse, bolg ata, pian, buíochán (craiceann agus súile buí) agus mún dorchá. De ghnáth, cuireann an chuid is mó de dhaoine an géarheipitíteas B díobh go hiomlán, ach seans go mbeadh sé mhí nó níos faide i gceist. Ní bhraitheann roinnt daoine breoite ar chor ar bith ach bíonn an víreas fós san fhuil acu.

Tugtar heipitíteas B ainsealach air sin. I líon beag cásanna, bíonn daoine thar a bheith breoite agus tarlaíonn cliseadh ae dóibh nó bíonn fadhbanna fadtéarmacha ae acu.

Cad is heipitíteas B ainsealach ann?

Ní fhaigheann roinnt daoine réidh leis an víreas riamh. Ta seans ann go mbeidh an t-ionfhabhtú ort i rith do shaoil ar fad agus féadann tú heipitíteas B a scaipeadh chuig daoine eile. Tugtar ionfhabhtú heipitíteas B ainsealach air sin agus féadann daoine a bhfuil sé orthu daoine eile a ionfhabhtú.

D'fhéadfadh sé go n-aireofaí sláintiúil ar feadh do shaoil ar fad gan rian ar bith damáiste ae a léiriú. Tagann galar trom ae ar roinnt daoine, e.g. coilm ae (an chiorróis), cliseadh ae nó ailse. Má tá heipitíteas B ort, féadann tú fós cineálacha eile heipitíteas a fháil, ar nós heipitíteas A nó C.

An bhfuil cóir leighis ann le haghaidh heipitíteas B?

Is cóir do do dhochtúir tú a tharchur chuig speisialtóir a ndéanfaidh tú a mheas le haghaidh galar ae agus a gheobhaidh amach an mbeadh cógais leighis ina gcabhair duit.

Conas a thabharfaidh mé aire do m'ae?

Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh tú aire duit féin.

- Ná hól alcól. Féadfaidh alcól damáiste a dhéanamh do d'ae. Má tá ionfhabhtú ainsealach heipitíteas B ort, is cóir do do dhochtúir tú a tharchur chuig speisialtóir chun tú a mheas le haghaidh galar ae agus a gheobhaidh amach an mbeadh cógais leighis ina gcabhair duit.

- Bíodh coinne agat le do dhochtúir ar bhonn rialta
- Sula dtógfaidh tú leigheas nua, leigheas thar an gcuntar nó cógas luibhe, faigh comhairle do dhochtúra.
- Bíodh tástáil le haghaidh heipitíteas C agat.
- Bíodh an vacsaín le haghaidh heipitíteas A agat mura bhfuil tú imdhíonach cheana féin.
- Faigh an vacsaín fluú gach bliain.

Conas a fuair mé heipitíteas B?

Scaiptear heipitíteas B trí theagmháil le fuil nó le sreabháin choirp duine ionfhabhtaithe. Is féidir heipitíteas B a tholghadh sna slite seo a leanas:

- Gnéas a bheith agat le hiompróir heipitíteas B.
- Snáthaidí nó fearas eile a chomhroinnt agus drugaí á n-instealladh agat
- Snáthaidí neamhsteirilithe a úsáid agus corp-pholladh, tatuáil, snáthaidpholladh, leictrealú ar siúl, nó má insteallaíodh tú le snáthaid úsáidte.
- Rásúir, scuabanna fiacla, tuáillí aghaidhe, tuáillí, bearrthóirí ingne nó aon rud a bhféadfadh fuil nó sreabháin choirp eile a bheith orthu a chomhroinnt.
- Teagmháil a bheith agat le cneácha nó gearrthacha duine ionfhabhtaithe atá ag cur fola.
- Más oibrí cúram sláinte tú, nó duine eile a bhíonn i dteagmháil le fuil nó sreabháin choirp ionfhabhtaithe
- Más páiste le duine a bhfuil heipitíteas B ainsealach orthu tú.

I roinnt cásanna, ní aithnítear go deo foinse an ionfhabhtaithe.

An féidir liom heipitíteas B a scaipeadh chuig daoine eile?

Is féidir le daoine eile heipitíteas B a fháil trí theagmháil le do chuid fola, seamhain nó sreabhán faighne. Uaireanta, is trí ghreim ó dhuine a scaiptear é. Taobh amuigh den chorp, d'fhéadfadh an víreas fanacht beo chomh fada le seachtain.

Ba cheart tástáil fola a bheith ag do theagmhálaithe, ar nós do chéile, do mhuintire nó aon duine a chónaíonn leat chun a fháil amach an bhfuil heipitíteas B orthu.

An bhfuil an vacsaín do heipitíteas B sábháilte?

Vacsaín sábháilte agus éifeachtach atá sa vacsaín do heipitíteas B. Is féidir le do chéile, do mhuintir agus aon duine a chónaíonn leat iad féin a chosaint tríd an vacsaín a fháil. De ghnáth, tugann do dhochtúir teaghligh an vacsaín mar chúrsa trí dháileog, i.e. le linn do chéad chuairte clinic, mí amháin níos déanaí agus sé mhí i ndiaidh an chéad cheann.

Uaireanta, tugtar na dáileoga níos tapúla ná sin. Bíonn dáileoga breise den vacsaín de dhíth ar roinnt daoine sula mbíonn siad cosanta. I líon fórbheag cásanna, ní oibríonn an vacsaín agus ní bhíonn na daoine sin cosanta.

Conas is féidir liom daoine eile a chosaint ó ionfhabhtú heipitíteas B?

Seo mar a chaithfidh tú a dhéanamh chun daoine eile a chosaint:

- Clúdaigh gearrthacha agus cneácha oscailte le greimlín nó le bindealán.
- Nigh do lámha go críochnúil i ndiaidh teagmhála le do chuid fola nó sreabhán fola.
- Cuir ciarsúir (agus táirgí eile) a mbíonn fuil agus sreabháin choirp eile orthu i mála sula gcuirtear sa bhosca bruscair iad.
- Glan suas do chuid doirte fola. Ansin, glan an áit arís le tuaslagán tuarthóra (10 bpáirt uisce le 1 pháirt tuarthóra).
- Ná comhroinn scuabanna fiacla, rásúir, snáthaidí, líomháin ingne, bearrthóirí ingne, siosúir ingne tuáillí aghaidhe nó tuáillí.
- Má mhí-úsáideann tú drugaí trí instealladh, cuir stop leis sin agus cláraigh ar chlár athshlánúcháin ó dhruagaí. Ná comhroinn drugaí, snáthaidí, steallairí, cadáis, uisce ná cupáin shruthlaithe riamh.
- Ná deonaigh fuil, plasma, orgáin choirp, fíochán nó speirm.
- Tá do pháirtí gnéis i mbaol heipitíteas B a fháil uait. Abair le do pháirtí/pháirtithe gnéis go bhfuil heipitíteas B ort. Ní mór dóibh dul go dtí an dochtúir le haghaidh tástála fola chun a fháil amach an bhfuil siad ionfhabhtaithe. Mura bhfuil siad ionfhabhtaithe, ní mór dóibh an vacsaín a fháil. Úsáid coiscíní go dtí go mbeidh do pháirtí cosanta.
- Tá na daoine eile a gcónaíonn leat i mbaol freisin. Abair le gach duine acu gur cheart dóibh dul go dtí an dochtúir le haghaidh tástála fola agus vacsaínithe.